Treoir

Bealach isteach ón Cheathrú Éireannach Thiar



1. Seomra Closamhairc
2. Teach Freangán
3. Íoslach
4. Comhdhlúthadáin
5. Ionad Sceite
6. Niteoir
7. Ceardlanna
8. Leapacha ocsaíd iarainn
9. Teach Méadair
10. Taisceadán Gáis
11. “Cnapán”
12. Teach Níocháin
13. Teach an Ghobharnóra + Saotharlann
14. Taispeántas sa Bhoth Gual Tirim

10/03/2013 © CGPS 2013

FLAME

IARSMALANN MHONARCHA GÁIS na hÉIREANN

REGISTERED MUSEUM

Fáilte romhat chuig an iarsmalann uathúil seo ina bhfeicfidh tú gné thábhachtach de stair shóisialta agus thionsclaíoch na hÉireann. Seo an t-aon mhonarcha gás guail atá in Éirinn agus níl ach beirt eile fágtha in Oileáin na Breataine. Deirtear gurb í seo an ceann is mó atá fágtha san Eoraip.

Beidh na nótaí seo mar threoir agat le linn do chuairte anseo mar soiléiríonn siad na rudaí tábhachtacha atá le feiceáil ar an turas seo siar sa stair.

Tá súil againn go mbainfidh tú sult as do chuairt anseo. Má bhaineann, scaip an scéal le do thoil. Muna mbaineann, abair sin linn mar is maith linn i gcónaí feabhas a chur ar eispéireas ár gcuairteoirí.

FLAME! Iarsmalann Mhonarcha Gáis na hÉireann
44 An Ceathrú Éireannach Thiar, Carraig Fhearghais, Co Aontrama BT38 8AT

Teileafón: 028 9336 9575
R-phost: info@flamegasworks.co.uk
Suíomh Gréasáin: www.flamegasworks.co.uk

1 - Tá taispeántas closamhairc sa seomra tosaigh a léiríonn an dóigh ina ndearnadh an gás guail.

2 - Tá 36 freangán cothrománach i dtrí shuíomh sa teach freangán. Téann foirnéis san íoslach iad seo. Taobh istigh de na freangáin aerdhíonacha, rinneadh an gual a chócaráil ar theocht chomh hard le 1200c le gás a tháirgeadh. Tá cuid de na freangáin ar oscailt agus an gual réidh le haghaidh a chócarála anois. I ndiaidh an phróisis seo a ghlac 6-7 uair a' chloig, cóc a bhíodh ann. Bhí orthu ábhair thruaillithe a bhaint den ghás ansin - tarra, amóinia agus suilfíd hidrigine. D'éirigh sé in airde trí na píopaí ingearacha a fhad leis an sorcóir mór cothrománach os cionn an tsuímh freangáin. Bhí seo lán uisce, rud a thug ar chuid den tarra comhdhlúthú agus imeacht isteach sna sorcóirí liatha ar an taobh chlé de na freangáin.

3 - Istigh san íoslach feicfidh tú an stócálaí. Úsáideadh cuid den chóc a bhí fágtha i ndiaidh chócaráil an ghuail mar bhreosla sna foirnéisí.

4 - Lean an cosán. Ar chlé, feicfidh tú a chasta atá an taobh istigh den suíomh freangáin. Tá sé mar a bheadh cíor mheala ann a ligeadh don teas a scaipeadh thart ar na hoighinn go léir. Taobh amuigh, is comhdhlúthadáin iad an dá mhórshorcóir seo ar dheis. Chuaigh an gás fríothu seo lena fhuarú: d'éalaigh an chuid a ba mhó den tarra amach as an ghás anseo. Díoladh an tarra le comhlacht darbh ainm Tennants a chuir é mar bharr ar na bealaí móra nó ar dhíonta lena gcosaint ar an tsíon.

5 - Is ionad sceite é an chéad fhoirgneamh eile, áit ar tharraing na caidéil an gás as na freangáin lena chur ar aghaidh chuig an taisceadán gáis. Sa bhalla is sciúrthóir é an fearas sorcóireach inar baineadh amach an tarra a bhí fágtha. Sraith scuab é seo a bhí ar rothlú in uisce a "sciúr" an gás leis an chuid eile den tarra a ghlanadh amach as.

6 - Amuigh ar an chosán feicfidh tú bosca cearnógach. Is niteoir Livesey é seo. Bhíodh sé seo lán uisce agus an gás ag boilgnearnú ann le fáil réidh den amóinia. Díoladh an amóinia ansin le haghaidh leasacháin. Go díreach thairis sin atá an phríomhchuid den sciúrthóir a chonaic tú sa seomra sceite. Féach a chasta atá an trealamh. Ar chlé, tá an phíblíne gháis le feiceáil ar a bealach chuig an chuid eile den tsuíomh.

7 - Is ceardlann é an foirgneamh ar shiúil tú tríd ansin, agus an ceann ar chlé fosta. I monarcha gáis bheag mar seo, ba iad na hoibrithe féin a ba mhinice a dheisigh is a chothabháil an mhonarcha gáis is na píopaí amuigh ar an tsráid.

8 - Tharla an glanadh deireanach san fhoirgneamh ina bhfuil na ceithre bhosca miotail chearnógacha mhóra. Is 'leapacha' ocsaíd iarainn iad seo agus nuair a chuaigh an gás isteach iontu, glanadh an tsuilfíd hidrigine (boladh uibheacha lofa) amach ar mhodh ceimiceach. Ó am go ham tugadh amach an ocsaíd iarainn agus spréidheadh amach faoin fhoscadh í le go n-athghineadh sí san aer. Scaoil an próiseas seo an tsuilfíd hidrigine isteach san aer agus tháinig an gnáth-bholadh a bhíonn le sonrú i monarchana gáis. B'fhearr seo ná boladh bréan uibheacha lofa sa teach!

9 - Rinneadh tomhas sa teach mhéadair ar líon an gháis a táirgeadh is a úsáideadh.

10 - Faoi dheireadh tháinig an gás isteach sa taisceadán gáis. Saoráid stórála don ghás a bhí anseo, áit ina mbeadh sé slán sula rachadh sé chuig an tomhaltóir. Coinníonn an taisceadán seo 200,000 troigh chiúbach gáis agus tógadh é sa bhliain 1949. Ba é seo an taisceadán gáis deireanach a tógadh in Éirinn. Bhí an bun lán uisce agus tá go fóill, lena shéalú is a choinneáil slán. Tá dhá shorcóir taobh istigh dá chéile istigh anseo. Líonann an chéad 100,000 troigh chiúbach gáis an sorcóir istigh agus líontar an ceann eile ina dhiaidh sin. Tá cead ag cuairteoirí dul suas ar an ardán ach moltar dóibh gan dul má bhíonn meadhrán orthu. NB - Ní foláir do dhuine fásta bheith i gcuideachta páistí atá ag dul suas - is riachtanas slándála é seo!

11 - Gabh go dtí an "cnapán" láir den dara taisceadán gáis a tógadh in 1895. Bheadh an poll seo lán uisce fosta leis an taisceadán miotail os a chionn a shéalú. Choinníodh sé seo 40,000 troigh chiúbach gáis. B'ar an fháinne seo, i dtreo na leapacha ocsaíd iarainn a tógadh an chéad taisceadán gáis sa bhliain 1855. Choinníodh sé sin 20,000 troigh chiúbach gáis.

12 - Cuireadh feabhas ar dhálaí na n-oibrithe de réir a chéile.Tógadh an teach níocháin seo i 1946. Gabh isteach ar do phriacal féin!

13 - Rialaíodh an brú gáis i dTeach an Ghobharnóra. Scrúdaíodh caighdeán an gháis i saotharlann bheag fosta.

14 - Tá an fearas s'againn istigh sa bhoth gual tirim. Dearadh is rinneadh go háitiúil an díon de dhéantús Bhéal Feirste atá air. Bhí an tógáil féin saor áisiúil.